# Roth Mór an tSaoil

Iris Ráithiúil Iomláine — Earrach 2017


## San Eagrán Seo:


**Leathanach a h1:**

*Cur síos ar an Eagraíocht.

*Ráiteas an PhrímhFheidhmeannaigh reatha.

**Leathanach a 2:**

*TeilgFíseán Gaeilge Iomláine.

**Leathanach a 3:**

"Kosmos" - Leathanach na dteangacha eile.

*2017 and onward.

*Towards a United Ireland?

*Our wish for Ireland.

**Leathanach a 4:**

*Eochair do GhearrChló21.

*Gluaiseacht athchruthaithe.

*Teachtaireachtaí, Fógraí ⁊ms̃ꝺ.


## Cur Síos ar an Eagraíocht

Eagraíocht dheonach, núalach, atá in Iomláine, muid ag gníomhú go príomha ar na gnoithe seo a leanas:

**+ Cruthú agus forbairt acmhainní do phobal na Gaeilge.**

**+ Cosaint Saoránaigh ar chaimiléireacht agus ar mhí-eolas.**

**+ Gníomh in éadán an anáis agus na héagóra go domhanda.**

Tá muid cláraithe mar charthannacht faoi na ceithre rannóg:

.i. Oideachas, Creideamh, Pobal agus Faoiseamh ar an Anás.

"An rud a dhéanann tú duit féin, gheobhaidh sé bás leat...
An rud a dhéanann tú do do Phobal, mairfidh sé..."

**Note for non Irish-speakers:**

The working language of this organisation is Irish. For those who don't yet speak our language, we have created a free course that will help you pick it up as you do important work for your community and the greater good. A link to this course can be found on our homepage at:

www.omn.ie

**Iomláine: Meas ar an Fhírinne agus beart de reir briathair.**

## Ráiteas P.F. Iomláine

Tá mé i ndiaidh mo chéad 15 bliain de "Dhualgas Náisiúnta" a chur isteach. Rinneadh seo go deonach de thairbhe gur mheas mé go raibh sé de dhith. Bhí sé de dhith agus is doiligh liom go fóill na fírinní a dtáinig mé orthu a chreidmheáil. **San áit ar shíl mé, sular thosaigh mé ag fiosrú an scéil, go raibh "roghnú nádúrtha" i gceist, tháinig mé ar fhianaise dó-shéanta de chaimiléireacht, feall, gadaíocht, fimínteacht, bréaga agus míthreorú réamhbheartaithe pobail.**
Le hachoimire gonta gairid a dhéanamh den scéal, i ndiaidh na céadta bliain de chos ar bolg armtha agus de thairbhe go raibh na hÉireannaigh ag toiseacht ar dhaonlathas a chruthú sa "Rialtas Sealadach" in aineoinn toil Shasana, rinne Rialtas Shasana "Conradh" bréagach a raibh bagairt míleata ar a chúl, le pobal

# Guċ 7 Cúrm̃ 7 MrS̃nDe

na hÉireann. D'fhág siad bunaíocht ina ndiaidh a bhí agus atá dílis dá gcuid sprio-canna ach a chur modh úr i bhfeidhm atá níos éifeachtaí ná an fóiréigean, ach a bh-fuil réamhcheansú an fhoiréigin de dhith air .i. an bhréag. Is é an bun-mhanadh atá le smachtú na nGael ó shoin ná: "Abair rud ar bith a chuirfidh athas ar an phobal, ach bí cinnte go ndéanfar a mhalairt go formhothaithe. Ní amháin sin, ach caith méid agus is féidir de mhaoin an Náisiúin ar chosúlacht na fírinne a chur ar an bhré-ag seo agus cinntigh go slogann an pobal an t-ollbhréag: .i. go nglacann an t-athrú cuid mhór ama. Cuirfidh sin mearbhall marfach ar an fhrithbheart!"

**Sin an fáth ar bunaíodh "Iomláine" – de thairbhe nach raibh agus nach bhfuil ea-graíocht ar bith eile ann a bhfuil sé ar a cumas rogha réalach a chur os comhair an phobail, an cumas sin fréamhaithe i dtuiscint na faidhbe agus sa ghníomh a eascraíonn as.**

Oibróidh mé go deonach ar feadh an méid atá fágtha de mo shaol don eagr-aíocht seo, ar mhaithe le leas an phobail uilig. Bheirim mar "spré" fosta a bhfuil de mhaoin agus d' earraí shaolta agam go lá mo bháis. Ar an lá sin, níl taiséadach ná cónair uaim, ná oiread agus cent caite ar athchúrsáil mo choirp. Tá agus beidh mo choinsias glan, mar tá mé cinnte go bhfuil mo chuid gníomhartha bunaithe ar an fhírinne agus ar fhreastal ar chúis cheartas agus síocháin an phobail agus na nglúnta atá le theacht, chan amháin in Éirinn, ach sa domhain uilig. P.m.B.

## Omlán-:
## Fersõ Glúsct na Gel

## Telgfísán Omlán-



Seo bealach TeilgFíseáin ar-líne atá a chruthú ag Iomláine le dhul i ngleic le mí-eolas agus mí-bholscaireacht RTÉ agus na meáin "proifisiúnta" eile. Déanann siad sin toil impireacht S.A.M./R.A. agus lucht an tsaibhris. **Déanann Iomláine de réir leas an phobail uilig, sa bhaile agus i gcéin.** Déanfar forbairt ar an tseirbhís saor seo chomh gasta agus is féidir linn, muid ag obair go deonach, neamhspleách, ag seachaint déirce an sclábhaithe a thugann an bhunaíocht dóibh sin atá sasta a dtoil a dhéanamh, toil atá in éadán leas an phobail.

Tá an bealach TeilgFíseáin seo ar fáil ar ár suíomh idirlíne:

**www.omn.ie**




# "Kosmos"

### 2017 and onward.

So, the local discussions being well under way, Iomláine is now undertaking to set out a working model for those of us Irish people who wish to live within a fair and just society. This will be outlined in the next edition of "Rotha Mór an tSaoil" - Samhradh 2017.

Ireland's "Peace Process" has, if nothing else, stood the test of some time. We Irish people have now almost come out of the 2nd "Civil War" – and it was civil, though naturally heated at times, **due to our be-ing led into falling for exactly the same dirty trick for the second time by people who we had accepted as our leaders.**

Iomláine stands firmly by Irish neutrality and the real sovereignty of an independ-ent collection of communities - the Irish Republic. We condemn all coersive and warlike entities: those who lead and profit from "The War on Terror" are the real terrorists - the invaders - and the most serious threat to the future of mankind.

Meanwhile, the Irish people were led last year by the revisionist propagandists into blindly "celebrating" the 1916 Rising, when the truth is that not one single item on the list of needs that those people fought and died for, in the 100 years (most of them under "Irish" control) that we have been duped into wasting since, has been allowed to us. **That will exist, or we will - and it's time to get to work, be-cause a just society won't just appear by majic - and certainly not ever within the current inherently corrupt structures.**

The pre-2017 status quo needs serious change if this nation is to survive in any independent or stable form. Iomláine works from the framework of the 1916 Proclamation and the 1937 Constitution – both being the products of the Irish people, without coercion or threat - to help our people look after the future of Ireland initially: it must begin at home. This will be done outside of the current structures as no progress towards the common good can ever take place within them.

**Those of us who have already made the correct decision never to "vote" again should replace this with some other action.**

**Iomláine is where that action is.**

### Towards a United Ireland?

We have "talked" Unity for long enough. And we have been "towards" a United Ireland for long enough, too.

Iomláine does not seek unity, but rather the defence of diversity, both human and environmental, since we, as humans, depend on our environment.

**We do seek a fair and just society to live in and, since the currently imposed system will never bring us that, we move out of it's jurisdiction in our own selves, in our own ways, as many prisoners have done before us.** The independence we seek to determine our own future in our home land will follow, as we take responsibility for our own affairs again.

### Our wish for Ireland:

That, after 55 Years of "native" misinfor-mation and anti-Irish propaganda, we will have our own independent Irish media service. That wish can now become fact, as we recognise the fundamental principle of Voluntary work for the common good.

### Donations

Since we are an entirely voluntary organi-sation, your donations will be used in their entirety, with no wages or expenses being laundered from your gifts. The donation most needed is your time and talents, to make this framework a reality.

# T̃eṫtR̃ṫtí, Fógrí ⁊ MRS̃nDe

## Eochair do GhearrChló21

1. Fuaim guta le gach consan – an fhuaim sin i ndiaidh an chonsain ag tús focail, roimhe ag deireadh focail.

2. An "Tilde" (~) thar consan atá "caol". Tá deireadh, dá thairbhe sin, leis na litreacha breise uilig nach bhfuil gá leo agus a chuireann mearbhall ar an léitheoir.
3. An "Séimhiú" ar ais in ionad na mílte "h" a chuidíonn le cuma amaideach a chur ar an teanga.
4. An dá rud thuas (Tilde agus Séimhiú) thar chonsan caol, séimhithe.

5. "-" ag deireadh focail sna háiteanna ina gcuireann na Gaeil siolla breise le focal leis an chiall a athrú go gonta slachtmhar.

6. "˜" mar chomhartha uruithe ag tús focail in ionad mb, bp, srl.

7. "ɔ" san áit a raibh "ao" – séú ghuta na Gaeilge.

Tá sé soiléir, i ndiaidh tamall a chur isteach ag amharc ar an chóras seo i bhfeidhm ar ár gcuid físeáin, gur feabhsú mór é, mar tá sé:
**Rialta:** an tréith is tábhachtaí;
**Gonta:** 2/3 go 1/2 fad an tseanchórais;
**Go bhfuil** ciall agus sanasaíocht na bhfocal i bhfad níos soiléire;
**Go bhfuil** sé neamhspleách ar an bhunaíocht atá ag feidhmiú in ár n-éadán;
**Go bhfuil** sé na mílte uair níos feidhmiúla ar chuid mhór dóigheanna eile...
**Mar shampla:**

| G̃eRĊló21 | | **Caighdeán "Oifigiúil"** | |
|---|---|---|---|
| T̃R̃m̃ | | Tirim (dara litir: "i") | |
| T̃R̃mȯ | | Triomú (dara litir: "r") | |
| T̃R̃mȯ̃ | 4 | Triomaigh | 9 |
| T̃R̃mȯ̃n | 5 | Triomaíonn | 10 |
| T̃R̃mȯ̃ṫ̃- | 5 | Triomaithe | 10 |

## GlúS̃ṫt AṫĊRuṫȯ̃ṫ̃-

Tá Iomláine ag cur Cúrsa Litearthachta agus Léinn na Gaeilge ar fáil do chainteoirí líofa. Mar chuid den chúrsa seo, beidh oiliúint a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh cuidiú linn acmhainní a chruthú agus a fhorbairt do Phobal Gaeilge na 21ú Aoise.
Beidh an cúrsa seo ar-líne, don chuid is mó i ndiaidh cupla lá ag Iomláine i nGaoth Dobhair.
Mar atá amhlaidh in ár gcuid físeáin, bainfear feidhm as Córas Litrithe "GearrChló21" don Nua-Ghaeilge. **Rinneadh cinniú seo a chur i bhfeidhm i ndiaidh mór-thaighde ar stair agus staid reatha na Gaeilge a bhfuil achoimire de ar fáil ar nasc atá ar www.omn.ie: "Ireland's big lie".**
Tá an tuairisc seo scríofa i mBearla le soláthar don phobal Éireannach go hiomlán agus **is de thairbhe na fírinní a fuarthas sa taighde sin a cruthaíodh an eagraíocht dheonach "Iomláine".**
Scrios an bhunaíocht Angla-Éireannach Gluaiseacht na Gaeilge mar seo: chuir siad "proifisiúntacht" atá a mí-threorú acu féin le airgead agus le saol sócúil, chuir siad sin in ionad gairmiúlachta agus díograis.
**Tá an Ghluaiseacht sin athchruthaithe ag Iomláine agus ní scriosfar arís í.**

### Sa chéad eagrán eile:

*Córas Oideachais don 21ú Céad: thar am, ach tráthúil!
*An t-"Armalite agus an Ballot box" i mbocsa bruscar na staire: an deonacht i réimeas ar fad.

*Ní hionann Carthanacht agus Gnó.

## Slán g Fól̃